Déanann clár an champa samhraidh scoileanna a thacú agus a spreagadh le leas a bhaint as na modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe is fearr atá acu chun eispéiris foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaltaí i seomraí ranga, sa timpeallacht fhíorúil, agus i dtimpeallachtaí lasmuigh. Is fearr a fhoghlaimíonn na daltaí trí pháirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas foghlama agus trí nasc a chruthú idir na rudaí a fhoghlaimíonn siad sa champa agus a dtáithí foghlama sa bhaile agus ar scoil.

Ar mhaithe le rannpháirtíocht daltaí a chur chun cinn, ba cheart, le dearadh agus eagrú an chláir, do dhaltaí bheith in ann tionchar méadaithe a imirt sna nithe a fhoghlaimíonn siad agus sa dóigh a bhfoghlaimíonn siad le linn an champa. Agus an clár á dhearadh, ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí inar féidir le tuismitheoirí tacú leis an gcampa.

Mar a tharlaíonn i gcónaí, leagfar béim láidir ar Mhatamaitic agus ar theangacha – Gaeilge agus Béarla – a fhoghlaim ar bhealach idirghníomhach spraíuil. Tá sé sin ar cheann de na príomhphrionsabail atá i gCuraclam Teanga na Bunscoile 2019.

Aidhmeanna

Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá le Clár na gCampaí Samhraidh:

- Tacú le folláine shóisialta, fhisiciúil agus mhothúchánach daltaí.
- Daltaí a chumasú caidreamh a chothú le piaraí agus le múinteoirí agus tacú lena n-athcheangal leis an scoil.
- Cuir eispéiris shaibhre oideachais ar fáil do dhaltaí i raon timpeallachtaí, ag cothú mothú ar a bhfolláine, a muintearas agus a gcruthaitheacht, agus a chuireann a muinín san fhoghlaim chun cinn

2. Creat ginearálta agus treoirphrionsabail Chlár an Champa Samhraidh

Creatchlár an Champa

Beidh dearadh agus soláthar na gCampaí Samhraidh uile, i mBéarla agus i nGaeilge araon, treoraithe ag ceithre réimsí an chláir agus na ceithre phrionsabal uileghabhálach mar bhunchloch acu.



Critéir do gach ceann de na ceithre réimsí

Bí cinnte le do thoil go dtreoraíonn na critéir seo a leanas do phleanáil agus seachadadh an champa. Úsáidfear na critéir seo freisin mar bhonn eolais do mheastóireachtaí cigirí ar sholáthar an champa samhraidh.

Critéir do Thortháí an Fhoghlameora

- Tá siad bainteach go díreach le riachtanais aitheanta na ndaltaí sa teanga agus/nó sa Mhatamaitic
- Bíonn daltaí ag caint faoin a bhfoghlaim le tuiscint agus machnamh
- Bíonn daltaí spreagtha mar fhoghlameoirí agus motháíonn siad go bhfuil ag éirí leo
- Déantar naisc chiallmhara a chruthú idir na torthaí foghlama pleánáilte agus obair na scoile
- Déanann na múinteoirí monatóireacht agus measúnú cuí ar thortháí foghlama na ndaltaí

Critéir d'Eispéiris Foghlama Spraíúla

Tá na daltaí:

- an-ghafa i ggníomhaíochtaí spreaghacha agus spraíúla
- gníomhach, ag obair go comhoibríoch agus i mbun tascanna atá cuí-dhúshlánach
- gafa i ggníomhaíochtaí chun gnáthfhadhábhanna laethúla a réiteach
- curtha ar a gcumas úinéireacht agus freaghracht a ghlacadh ar a bhfoghlaim

Critéir do Bhainistíocht an Champa

Cinnteoidh eagarthóirí an champa go mbíonn:

- ról ag an bpriomhoide, ag comhordaitheoir an TBSP (HSCL), ag múinteoirí, daltaí agus maoirseoir i bpleanáil an champa
- timpeallacht foghlama ordúil, shlán, shábháilte agus shláintiúil leagtha amach
- riachtanais na RO maidir le Cosaint Leanaí agus réimsí polasaí eile comhlíonta
- tá Plean Freagartha COVID-19 forbartha. Tá an bord bainistíochta agus foireann uile na

- scoile freagrach as an bplean seo a chur i bhfeidhm agus and cuideoidh comhiarracht
- le scaipeadh an víris a chosc
- lánfhreastal agus poncúlacht cothaithe gach lá sa champa, go bhfoilsítear na straitéisí
- an leas is fearr á bhaint as maoiniú atá tugtha chun tacú le foghlaim na ndaltaí agus chun an fhoghlaim a shaibhriú
- an fhoireann ag pleanáil go laethúil chun eispéiris foghlama ardcháilíochta a sholáthar
- deiseanna don rannpháirtíocht bhríoch curtha ar fáil do thuismitheoirí agus don phobal

Critéir don Úsáid ar Thimpeallachtaí Foghlama Éagsúla

Timpeallachtaí foghlama:

- téann siad níos faide ná an seomra ranga
- bunaithe ar fhiosrúchán agus ar thaithí
- bíonn fócas soiléir acu ar an sprioctheanga agus torthaí foghlama

3. Campa Samhraidh a Phleanáil

Tá saorise ag an scoil díriú ar an gcohort leanaí a shíleann siad a oireann agus aird á tabhairt acu ar thábhacht na luath-idirghabhála agus ar riachtanais aonair na ndaltaí. Is féidir le scoileanna áiteanna a chur ar fáil ag aon aois raon.

Is do scoil a dhéanfaidh an cinneadh maidir le dearadh an Champa Samhraidh, bunaithe ar riachtanais do dhaltaí. Tá an clár maoinithe le díriú ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus sóisialta. Tá sé i gceist go gcuideodh sé le daltaí a bhfuil deacraíchtaí sóisialta nó acadúil acu sa litríocht nó san uimheartacht agus a mbeadh buntáiste le fáil acu ó Champa Samhraidh seachtaire le cóimheas aníseal idir daltaí agus múinteoir. Is é an cóimheas idir daltaí agus múinteoir a bheidh i bhformhór na gcampaí ná 1:12 le móriomlán 36 dalta. Is féidir, áfach, le scoileanna a bhfuil suas le 8 múinteoir príomhshrutha acu cur isteach ar Champa Samhraidh ina mbíonn 2 mhúinteoir agus 24 dalta (cóimheas 1:12 fós ann). Maidir le 2021, féadfaidh scoileanna müinteoir breise a cheapadh chun tacú le hobair an champa – ó thaobh protácaill sláinte agus sábháilteachta, cumarsáid agus tascanna eile a bhaineann le comhthéacs na scoile féin.

Ar dtús, seo roinnt ceisteanna ar chóir breathnú orthu nuair a bhíonn campa á phleanáil:

1. Cad iad sainriachtanais foghlama mo dhaltaí?
2. Cé na heispéiris foghlama spraíula a thacóidh le riachtanais na ndaltaí?
3. Cé na timpeallachtaí foghlama éagsúla is féidir a úsáid chun an fhoghlaim a bheith taitneamhach?
4. Conas mar a dhéanfar monatóireacht agus measúnú ar fhoghlaim na ndaltaí?
Tabhair na ceanglais riarrachán seo a leanas ar aird

Tabhair na ceanglais riarrachán seo a leanas ar aird

Ról agus Freagrachtaí

Freagrachtaí an Bhoird Bhainistíochta

- Na socruithe riachtanacha go léir lena n-áirítear árachas, cóiríocht oiriúnach, rannpháirtíocht múinteoirí cáilithe, agus a chinntíú go gcomhlíonann an tionscadal gach freagracht dlí agus freagracht fostóra eile.
- Maoirsíú airgeadais an champa
 - caiteachas an deontais ar íocaíochtaí údaraithe amháin
 - taifid agus admhálacha bunaidh coimeádta
 - tuairisc ullmhaithe ar an gcampa a thugann deimhniú ar thinrimh agus ar ioncam agus caiteachas
- Forbraíodh Plean Freagartha COVID-19. Tá an bord bainistíochta agus foireann uile na scoile freagrach as an bplean seo a chur i bhfeidhm agus cuideoidh comhiarracht le scaipeadh an víris a chosc
- Déantar polasaithe scoile a leasú, (más gá), agus a chur i bhfeidhm
- Tá bearta leordhóthanach maidir le cosaint leanaí i bhfeidhm don champa samhraidh agus tá nósanna imeachta soiléire tuairiscithe ann lena chinntíú go ndéantar tuairisci ar bith ar imní faoi chosaint leanaí a thagann chun cinn laistigh de ghníomhaíocht nó den tseirbhís sin de réir riachtanais ábhartha Threoir Náisiúnta

Chosaint Leanaí 2017 agus an tAcht um Leanaí chun Tús, 2015. Áirítear nósanna imeachta dá leithéid nósanna imeachta soiléire le cinntíú go gcoimeádtar an DLP ar an eolas go cuí maidir le haon imní maidir le cosaint leanaí a thagann chun cinn laistigh de ghníomhaíocht nó den tseirbhís lena mbaineann.

- De réir an Acharta um Chosaint Leanaí, 2015, tógann measúnú riosca agus Ráiteas um Chosaint Leanaí na scoile aon ghníomhaíocht nó seirbhís den sórt sin san áireamh agus na rioscaí diobhála a shainainnítear agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú.

Freagrachtaí an phríomhoide i ndlúth-chomhpháirt leis an gcomhordaitheoir TBSP (HSCL)

- Treoiríonn agus déanann moltaí maidir le roghnú daltaí
- Oibríonn i gcomhpháirt le foireann chun an campa a phleanáil
- Cinntítear gur ceangailte le folláine agus foghlaim na ndaltaí atá obair na scoile
- Cruthaíonn deiseanna d'fhoireann an champa/do rannpháirtithe chun torthaí a roinnt le pobal na scoile i rith na bliana

Freagrachtaí múinteoirí na gcampaí

- Roghnú daltaí, i gcomhairle leis an bpríomhoide agus leis an gcomhordaitheoir TBSP (HSCL)
- Coimeádtar an cóimheas múinteoir/daltaí ag 1:12
- Go gcuirfear ról an fheitheoir i gcrích de réir Chlár an tSamhraidh do gach Bunscoil 2022-Téarmaí agus Coinníollacha
- Gach múinteoir tiomanta do sheachtain iomlán an champa
- A dheimhniú go gcomhlíontar critéir an chreata don champa
- A dheimhniú gur í an Ghaeilge amháin an teanga chumarsáide ar na campaí Gaeilge

Daltaí a aithint agus a roghnú

- Na daltaí is mó a bhfuil gá acu
 - riachtanais oideachais nó shóisialta
 - bunaithe ar thorthaí measúnaithe
 - breithniú ar thábhacht na luath-idirghabhála agus aistrithe
 - aois-chohóirt curtha san áireamh
- Tá gach rang incháilithe
- Ba cheart leathán tinrimh champa a chomhlánú gach lá.
- Coimeádtar liosta teagmhasach daltaí lena chinntíú go mbíonn an lín daltaí is gá ag freastal ar an gcampa gach lá
- Chomhlíontar an bileog gach lá

Polasaithe Scoile

- Beidh ar scoileanna a bpolasaithe maidir le Cosaint Leanaí, Sláinte &

Sábháilteacht, Frithbhulaíocht, lompar agus Teagmhais Chriticiúla agus Polasaí Ithe Folláin a chur i bhfeidhm ar an gCampa Samhraidh. Caithfidh cóipeanna de na polasaithe seo a bheith ag gach múinteoir agus ba chóir dóibh a bheith ar fáil don athbhreithniú.

- Caithfidh ainm an Teaghálaí ainmnithe (DLP) agus an Ráiteas maidir le Sábháilteacht Leanaí a bheith ar taispeáint go soiléir in aice leis an mbealach isteach chun na scoile a bhíonn in úsáid don champa.
- Caithfear na riachtanais seiceála a chomhlíonadh do thuismitheoirí agus do bhaill den phobal a mbeidh páirt acu in obair an champa agus caithfear iad a chur ar an eolas faoi na polasaithe agus na nósanna imeachta ábhartha. Caithfear a chur in iúl dóibh freisin go bhfuil Ráiteas maidir le Sábháilteacht Leanaí i bhfeidhm le linn ghníomhaíochtaí an champa samhraidh.
- Caithfidh oifigeach sláinte agus sábháilte ainmnithe a bheith ar fáil ar an láthair le linn an champa agus ainmnithe ar an doiciméad polasaí ábhartha.
- Tá gá le Plean Freagartha Covid-19 d'oibriú sábháilte agus inbhuanaithe na scoile.

An Deontas

Beidh deontas ar fáil mar seo a leanas:

- €6 in aghaidh an lae do gach dalta i leith na gcostas ar nós lóin, acmhainní srl.

Ar an gcoinníoll go ndearbhóidh an scoil go gcloífear le téarmaí agus coinníollacha chlár an champa Samhraidh, eiseoidh íochaíocht leictreonach ó NEC/DWEC (Ionad Oideachais na hUaimhe/Áth Cliath Thiar) chuig cuntas bainc na scoile sula dtosaíonn an tionscnamh.

Íocaíocht Múinteoirí

Íocfar múinteoirí go lárnach tríd an OLCS ar a ráta pearsanta ar feadh 22.5 uair an chloig.

Íocfar am ullmhúchán 10 uair an chloig breise do gach campa. Is féidir na huaireanta seo a shannadh do mhúinteoir aonair nó a roinnt idir mhúinteoirí a éascaíonn an campa ag gach scoil ar leith de réir mar a shíltear a bheith cuí.

Campa a Reachtáil

- Beidh gach campa ar siúl ar feadh cúig lá
- B'fhearr Clár na gCampaí Samhraidh a sholáthar chomh cóngarach d'athoscailt ofigiúil na scoileanna agus is féidir.

- Déanfar na gníomhaíochtaí a reachtáil ar feadh 22.5 uaire thar thréimhse seachtaire
- Ba chóir don champa tosú faoi 10 a'chlog ar a dhéanaí
- Caithfear ceithre huaire a'chloig teagaisc a sholáthar gach lá
- Mar aon leis an gceithre huaire a'chloig teagaisc, cuirfear 30 nóiméad ar fáil gach lá do thréimhse lón /do bhriseadh ina mbeidh lán-fheitheoirreacht
- Comhlíontar an bileog tinrimh gach lá
- Ba chóir lón sláintiúil a chur ar fáil, i gcomhairle leis na daltaí
- Gaeilge amháin a bheidh mar theanga teagaisc i gcampaí a bhíonn ag feidhmiú trí Ghaeilge
- Smaoinigh cé na céimeanna a d'fhéadfáí a ghlacadh, (laistigh de na treoirlínte sláinte agus sábhálteachta a bhíonn ann ag tráth eagraithe an champa) chun nasc a chruthú agus a chinntíú go gcuirfidh acmhainní na leabharlainne áitiúla go tairbheach le téama agus teanga an Champa Samhraidh.
- Má chuirtear bricfeasta ar fáil, ní chuirfidh sé as don cheithre huaire a'chloig teagaisc.
- Is féidir maoirseoir a cheapadh chun na nithe seo a leanas a mhaoirsiú: [Clár Samhraidh 2022 do gach Bunscoil Forbhreathnú – Téarmaí agus Coinníollacha](#)
- Poncúlacht a chur chun cinn agus tinreamh laethúil a choiméad
- Cúrsaí airgeadais agus tuairisc a choiméad
- Tuarascail dheiridh a chur ar fail -- Comhlánú na tuarascála deiridh, rud atá ar fáil ón Ionad Oideachais
- Dualgais eile a shíleann an scoil ábhartha maidir le heagrú an champa laistigh de chomhthéacs na scoile



4. Tuairimí praiticiúla chun tacú le teagasc agus foghlaim éifeachtach

Feidhmiú na gceithre phrionsabal

Tarlaíonn foghlaim teanga ar bhealach spraíúil, idirghníomhach

- Déantar eispéiris foghlama a phleanáil agus a acmhainniú go cúramach, ag baint an leas is fearr as rannpháirtíocht na ndaltaí leis na múinteoirí, a bpiaraí agus a dtuismitheoirí
- Fócas ar an sprioctheanga
- Teagasc follasach na teanga nua
- Aistear, Drámaíocht, amhránaíocht le chéile *
- An timpeallacht lasmuigh a úsáid - conair, treodóireacht, cuardaigh, turasanna allamuigh, picnicí
- Gníomhaíochtaí comhoibríocha: an lón a ullmhú le chéile, cócaireacht, turgnaimh, fiosrúcháin, obair cheirde, múnláí, dearadh-agusdéanamh
- Rannpháirtíocht leis an leabharlann/leabharlannaí áitiúil; leabharlann na scoile
- An úsáid is fearr as tionól agus scaipeadh chun an fhoghlaim a phlé, a athmhachnamh, a chur i láthair agus a roinnt i suíomh pobail

An fhoghlaim a léiriú do thuismitheoirí agus do phiaraitaispeántais, láithreachtaí, dráma ag am tionól/scapthe, Aoine i ndiaidh lóin an Aoine tar éis an lóin(de réir na dtreoirlínte ó comhairle Sláinte Poiblí atá i bhfeidhm ag an am atá an campa ar siúl)

Bíonn na daltaí mar chomhdhearthóirí ar an gCampa Samhraidh

- Cuirtear spreagadh agus tacaíocht ar fáil do dhaltaí chun cuidiú leo an campa a dhearadh, fáilte roimh ionchuir ó thuismitheoirí freisin
- Roimh ghníomhaíochtaí campa agus lena linn: is féidir smaointe a mhealladh ó dhaltaí
- Tréimhse an dearaidh: Fócas-ghrúpa, suirbhé, plé oscailte le spriocdhaltaí agus le tuismitheoirí
- Soláthar an Champa: Múinteoirí, ar bhonn leanúnach
- Na hionchais foghlama a roinnt agus a aontú gach lá
- Foghlaim na ndaltaí a dhaingniú ag deireadh gach ceachta.
- Athbhreithniú ar fhoghlaim a éascú ag deireadh an champa

• Is léiriú agus tionchar iad an fhoghlaim, an teagasc agus an measúnú ar chleachtas na scoile

- Déanann an campa obair na scoile a chomhlánú agus a leathnú trí naisc bhríocha a chruthú idir an dá cheann.
- •Baintear úsáid as eilimintí éifeachtacha den chleachtas scoile ar nós modheolaíochtaí teagaisc agus measúnaithe.
- Baintear úsáid as modheolaíochtaí chun tacú leis an bhfoghlaim i ngrúpaí beaga
- Tugtar modheolaíochtaí rathúla an champa ar ais sa seomra ranga sa bhliain dár gcionn
- •Nuair a chruthaítéar bonnlíne shimplí agus measúnuithe ag deireadh an champa beidh siad seo mar bhonn eolais d'fhócas an churaclaim sa scoil
- Cruthófar deiseanna do dhaltaí a bhfoghlaim a roinnt leis an scoil/rang, m.sh. ag na tionól

Bíonn folláine agus muintearas na ndaltaí go lárnach i ndearadh agus i soláthar an champa

Mothaíonn na daltaí roghnaithe an lúcháir a bhaineann le hobair fairne agus le comhionannas le linn tréimhse an champa.

- Fócas ar mhuintearas a thógáil trí chomharchluichí neamhiomaíocha
- Spriocanna a aithint i dteannta a chéile
- Timpeallacht an champa teolaí, spraíúil, fáilteach
- Amhrán an champa *
- Fógra fáilteach don champa ag doras na scoile
- Dearbhaite, fógraí WOW laethúla, nótaí spreaghthacha do dhaltaí, boscaí mianta
- T-léine, caipín, buidéal uisce, peann luaidhe an champa
- Fócas ar fhoghlaim ghníomhach i dtascanna agus cluichí grúpa, fairne, beirte agus campa uile
- Daltaí a mhealladh chun gluaiseacht lasmuigh dá gcompord

* de réir na treorach a eisíodh chuig scoileanna le linn na scoilbhliana go dtí seo

Modheolaíochtaí chun teanga a fhoghlaím

Is é an cur chuige cumarsáideach a bhfuil aitheantas aige go hidirnáisiúnta an cur chuige is éifeachtaí chun teanga a fhoghlaím. Is é an Cur Chuige Cumarsáideach an pointe tosaigh is fearr chun na torthaí foghlama is airde a bhaint amach.

Tionól agus Scaipeadh

Cruthaíonn na hamanna tionóil agus scaipthe (tús agus deireadh an lae) deiseanna luachmhara do mhúinteoirí, do dhaltaí agus do thuismitheoirí bualadh le chéile, beannú dá chéile agus comhluadar pobail agus comhchuspóir a roinnt. Ócáidí leanúnacha iad seo do dhaltaí chun amhráin an champa a chanadh, a mianta agus a n-ionchais foghlama a roinnt, a ngnóthachtálacha a léiriú agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí chun an fhoireann a neartú.

Am Lóin

Is deis an-oiriúnach é am lóin chun na páistí a bheith páirteach sa rogha bia agus iad a bheith gafa i bpeanáil an bhiachláir, agus an bia a ullmhú, a ordú agus ag baint taitneamh as mar aon leis an mbord a leagadh agus glanadh suas. Is féidir leis na múinteoirí cuidiú leis na daltaí trí na suíomhanna a mhúnlú. Baineann múinteoirí leas as na suíomhanna seo d'fhoghlaím teanga chun tacú tuilleadh le daingniú scileanna cumarsáide na ndaltaí.

Féach agus Abair

Is féidir le 'féach agus abair' nádúrtha cur go mór leis an gcampa. Is iad tuismitheoirí agus daoine muinteartha an lucht féachana is fearr le haghaidh an cheiliúrtha seo ar ghnóthachtáil na ndaltaí, más féidir déanamh amhlaidh de réir Treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta. Ní cóir aon ró- chleachtadh a dhéanamh de seo ná an iomad ama a thógaint ó ghnáth ghníomhaíochtaí an champa, ach ba chóir go n-eascródh sé gan dua ó na gníomhaíochtaí laethúla mar léiriú béil, ceoil, súl ar ghníomhaíochtaí an champa. Ní cóir don 'féach agus abair' tarlú ach san uair a' chloig dheireanach ar an lá deireanach den champa mar ócáid cheiliúrtha ar chríoch sásúil an chúrsa.

Timpeallachtaí Foghlama

Déanfar machnamh cúramach ar raon timpeallachtaí foghlama laistigh agus lasmuigh a chur san áireamh:

- A bhíonn fáilteach agus compordach
- A chothaíonn an chruthaitheacht
- A chruthaíonn spás do dhaltaí a bheith gníomhach
- A chothaíonn an forbairt ar scileanna sóisialta agus ar scileanna réiteach fadhbanna

Roinnt samplaí: Clós agus timpeallacht na scoile, ionaid ghlasa go háitiúil, leabharlann na scoile, halla na scoile, an seomra ilúsáide, seomra Aistear, seomra ríomhairí, seomra foirne, seomra na dtuismitheoirí, pasáistí mar aon le seomraí ranga.

Rannpháirtíocht Thuismitheoirí

Ba chóir do Chlár an Champa Samhraidh iarracht a dhéanamh tuismitheoirí a bheith páirteach a mhéid agus is féidir. D'fhéadfadh siad seo a leanas cuidiú:

- Teagháil a dhéanamh le tuismitheoirí chun eolas a thabhairt dóibh faoi théama/ghníomhaíochtaí an champa
- Liostaí leabhair léitheoireachta atá ar fáil ina leabharlann a chur ar fáil dóibh chun cuidiú leo leanúint ag cur leis na scileanna léitheoireachta i rith an tSamhraidh
- Roinnt gníomhaíochtaí a mholadh a d'fhéadfaidís a úsáid sa Bhaile •
Cuireadh a thabhairt do theaghlaigh féachaint agus insint, agus deiseanna a thabhairt do dhaltaí chun a ngnóthachtálacha a léiriú
- Tabhair cuireadh do theaghlaigh chun an leabharlann a thaispeáint agus insint faoi, agus cruthaigh deiseanna do dhaltaí lena n-éachtaí a léiriú go sábháilte (de réir na comhairle Sláinte Poiblí a bhíonn i bhfeidhm ag an am sin).
- Le linn imeachtaí, leabhair, irisleabhair nó ábhair litearthachta/ uimhearthachta eile a chur ar fáil mar dhuaiseanna

- Gníomhaíochtaí spraíula a óstáil ina mbíonn páistí agus teaghlaigh ag obair le chéile ar ghníomhaíochtaí spraíula curaclaim

Úsáid Acmhainní Leabharlainne

Bíonn cuairt ar leabharlann áitiúil mar chuid an-rathúil den Chlár Campa Samhraidh i gcónaí. Beidh raon agus scóip na gníomhaíochta leabharlainne faoi réir chomhairle Sláinte Poiblí a bheidh i bhfeidhm ag an am a bhíonn an campa ag feidhmiú. Chun feasacht daltaí agus tuismitheoirí ar an leabharlann agus ar leabhair i gcoitinne a ardú, cur san áireamh agus an campa á phleanáil cé na céimeanna a d'fhéadfaí a ghlacadh chun nasc a dhéanamh leis agus a chinntí go gcuirfidh acmhainní na leabharlainne áitiúla nó go deimhin leabharlann na scoile go tairbheach leis an téama agus teanga an Champa Samhraidh. Caithfear é seo a phleanáil i bhfad sula dtarlaíonn an campa ionas go mbeidh an leas is fearr le fáil as.

Gníomhaíochtaí do neartú foirne

Cruthóidh gníomhaíochtaí do neartú foirne deiseanna do dhaltaí scileanna a fhoghlaím ar nós obair fhoirne, comhoibriú, smaointeoireacht chruthaitheach, rannpháirtíocht chomhoibríoch, scileanna sóisialta agus tabharfaidh sé deis do dhaltaí caidrimh a chothú lena chéile. Tá an saibhriú ar scileanna cumarsáide na ndaltaí sa sprioctheanga agus iad ag súgradh agus ag réiteach fadhbanna le chéile go lárnach in éiteas Chlár na gCampaí Samhraidh.

Measúnú

Bainfear úsáid as eolas ar mheasúnuithe chun riachtanais foghlama na ndaltaí a aithint, mar bhonn eolais chun daltaí a roghnú agus chun an campa a dhearadh, agus mar chuidiú chun an teagasc a chur in oiriúint le linn an champa and agus chun an fhoghlaím a cheiliúradh. I measc na staitéisí praiticiúla don mheasúnú a d'fhéadfaí a úsáid le linn an champa beidh:

- Critéir Ratha a úsáid
- Aiseolas Éifeachtach a sholáthar
- Ceistiúchán a úsáid go hÉifeachtach
- Féinmheasúnú
- Piarmheasúnú

- Rúibricí, seicliostaí, dialann foghlama, léaráidí anótáilte, léarscáileanna coincheapa, grianghraif, gearrthóga físe, leabhar gearrthóg, fillteán SALF

5. Oiliúint

Cuirfidh an Rannóg Oideachas Múinteoirí oiliúint ar na múinteoirí uile a glacann páirt i gClár na gCampaí Samhraidh. Is éigeantas é sin. Beidh an oiliúint comhdhéanta de roinnt seimineáir Ghréasáin bheo. Pléifear iontu sin gnéithe tábhachtacha amhail tacú le folláine na múinteoirí agus na ndaltaí, timpeallachtaí foghlama, modheolaíochtaí teagaisc spraíul, an chuairt ar an leabharlann, pleanáil agus measúnacht, agus ceanglais riarcháin. Maidir leis na seisiúin oiliúna le haghaidh Clár na gCampaí Samhraidh a sholáthar, óstálfar iad ar shuíomh Gréasáin Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar ag deireadh mhí an Mheithimh. Eiseofar tuilleadh sonraí chuig gach scoil rannpháirteach.

6. Treoir bhreise do mhúinteoirí chuntacú le clár na gcampaí samhraidh

- Foghlaim agus teagasc teanga éifeachtach
- Pleanáil agus ullmhú éifeachtach
- Ról áisitheoirí na gcampaí samhraidh
- Ról na Cigireachta
- Acmhainní

Foghlaim agus teagasc teanga éifeachtach

Croípháirt de na campaí samhraidh is ea na leanaí a mhúineadh chun cumarsáid a dhéanamh i dteanga an champa. Sular féidir leis na leanaí cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn gníomhaíochtaí agus tascanna, ní foláir go múintear na heiseamláirí sprioctheanga go héifeachtach dóibh, bídís sa Bhéarla nó sa Ghaeilge.

Is é cur chuige na cumarsáide an cur chuige is éifeachtaí d'fhoghlaim teangacha. Baineann cnámha scéil réadúla agus ábhair ábhartha leis mar a mbíonn leanaí ag caint agus ag comhrá le cuspóir sainiúil i gceist. Ní foláir go mbíonn roghanna ag na leanaí faoin méid a mbeidh siad ag caint faoi, ná bíodh script ar bith acu! Meabhraigh gurb é múineadh na leanaí chun ceisteanna a chur an eochairghné chun dea-chumarsáid a spreagadh.

Baineann na croíghnéithe seo a leanas leis an bhfoghlaim teanga éifeachtach:

1. an Éisteacht

2. an Tuiscint

3. an Aithris

4. an Labhairt agus an Chumarsáid

Comhlánaíonn agus treisíonn gach ceann de na ceithre ghné a chéile, ach is í an labhairt agus an chumarsáid le chéile na haidhmeanna leis an bhfoghlaim teanga sa deireadh thiar.

Cá dtosóidh tú mar sin?

1. Tosaigh trí dhíriú ar théama nó ar chomhthéacs an champa 2.

Pleanáil an sprioctheanga nua a bhaineann leis an téama, agus socraigh na ceisteanna, nathanna, treoracha sonracha srl. a bheidh in úsáid ag na leanaí chun cumarsáid a dhéanamh laistigh den chomhthéacs sin (m.sh. cluiche cláir a imirt:- 'mo shealsa', 'cé leo an seal?', 'téigh siar'...)

3. Pleanáil an ghníomhaíocht nó an tasc sonrach sa chaoi gur féidir le leanaí na heiseamláirí teanga nua a chleachtadh (m.sh. nathracha agus dréimírí)
4. Pleanáil an chaoi a dhéanfaidh tú measúnú ar chaighdeán úsáid na sprioctheanga ag na daltaí (seicliosta, físeán...)

Na trí chéim den fhoghlaim teanga éifeachtach

1. An chéim réamhchumarsáide

- Spreagthach - pictiúr, póstaer, físeán, dán, amhrán, sleamhnán srl.
- Aithnítear feidhm teanga in éineacht le heiseamláirí roghnaithe den teanga & den fhoclóir. Áirítear leo sin focail agus abairtí nua, agus ceisteanna thar aon ní eile.
- Tagann ionchur teanga ina dhiadh sin – go leor teagaisc dhírigh lán d'fhuinneamh.
- Go leor leor aithrise - na daltaí ina n-aonar, i mbeirteanna agus i ngrúpaí den chuid is mó - ar fhocail, nathanna agus ceisteanna nua, ag cur leis na focail i gcónaí, trí abairtí agus ceisteanna ach leas a bhaint as pictiúir agus leideanna.
- Is é an múinteoir a thugann an fuaimniú ceart, comhréir na habairte agus gníomhaíochtaí i gcónaí.

Is iad na daltaí a dhéanann aithris/cleachtadh ar an teanga/bhfoclóir sin, agus a dhéanann cleachtaí

- leabú na struchtúr teanga.
- Tacaíonn timpeallacht na foghlama leis an sprioctheanga.

2. Céim na cumarsáide

- Cluichi/tascanna do bheirteanna/ghrúpaí beaga - cleachtann na leanaí an teanga nua-shealbhaithe
- Rólimirt, cluichí, gníomhaíochtaí drámaíochta, tascanna.
- Go leor tacaíocht ón múinteoir i ról éascaitheach

3. Céim na hiarchumarsáide

- Téann an múinteoir i ngleic le hearráidí a aithníodh sa tréimhse chumarsáide den cheacht. Tugtar teanga theagmhasach faoi deara don phleanáil amach anseo.
- Cuirtear síneadh le comhréir abairtí / teanga agus baintear leas astu i gcomhthéacsanna eile.
- Múintear gníomh-amhráin dánta agus rannta *.
- Déanann an múinteoir measúnú ar chaighdeán na foghlama teanga ag na leanaí, agus pleánáiltear na chéad chéimeanna eile.

* de réir na treorach a eisíodh chuig scoileanna le linn na scoilbhliana go dtí seo

Pleanáil agus ullmhú éifeachtach

Ní foláir do mhúinteoirí ó chlár na gcampaí samhraidh roinnt beartas agus nósanna imeachta éigeantacha a chur i dtoll a chéile chun reáchtáil shábháilte agus réidh an champa a áirithiú. Liostaítear sa lámhleabhar iad.

Ina theannta sin, is riachtanas le gach campa é go n-ullmhaíonn agus go bpleanálann múinteoirí go hiomchuí chun a chinntiú go ngnóthaítear torthaí foghlama. Ba chun na críche sin ar cheart do mhúinteoirí forphlean / pleán seachtainiúil den champa a ullmhú ina soiléireofaí an fhoghlaim atá ceaptha ar bhealach ginearálta. Ba chóir go dtabharfaí freagraí ar cheisteanna leis ar nós:

- Céard é téama nó sprioc an champa?
- Conas a dhéanfar folláine daltaí a chothú?

- Céard iad na torthaí foghlama ar leith maidir le huimhearthacht ar a ndíreofar?
- Céard iad na torthaí foghlama eile ar a ndíreofar?
- Céard iad na modheolaíochtaí as a mbainfear leas chun na torthaí sin a ghnóthú?
- Céard iad na gníomhaíochtaí foghlama spráíúla a phleanálfar?
- Céard iad na comhthéacsanna éagsúla as a mbainfear leas (m.sh. am lón, tionól)
- Cad iad na timpeallachtaí foghlama a bheidh in úsáid, timpeallachtaí fíorúla samháireamh?
- Céard iad na hacmhainní as a mbainfear leas?
- Cén chaoi a dhéanfaimid measúnú ar fhoghlaím daltaí?

Ina theannta sin, ní foláir do mhúinteoirí pleánail a dhéanamh ar bhunús laethúil, i leith gach ceachta nó comhthéacs foghlama. Ba cheart go nascfaí an phleanáil laethúil le pleánail na gceachtanna agus an chomhthéacs foghlama shonrach, ag tarraingt ón bplean seachtainiúil. Ba chóir go mbainfeadh machnamh agus freagairt na gceisteanna a léiríodh thuas léi, ach le sonraí níos sainiúla leo an uair seo. Ba cheart go dtabharfaí san áireamh leis an bpleánail seo cumais, élimh agus leasanna éagsúla leanaí maille le machnamh ar fhoghlaím an lae roimhe sin. Is fútsa féin é an chaoi chun do phleanáil a léiriú. Is í an ghné thábhachtach go ndeachaigh an fhoireann tríd an bpróiseas chun pleánail agus ullmhú le chéile. Is éard atá tábhachtach ná go dtugann an fhoireann faoin bpróiseas pleánala agus ullmhúcháin le chéile ar bhealach comhoibritheach.

Ról áisitheoirí na gcampaí samhraidh

Tá éascaitheoirí a oibríonn le gach ionad Oideachais ar fáil chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt duit maidir le húsáid a bhaint as na modheolaíochtaí is éifeachtaí chun an fhoghlaím a bhreisiú ar bhealach spráíuil. Tugtar an tacaíocht thar an teileafón. Is ag na seisiúin faisnéise ar líne a thabharfar sonraí do mhúinteoirí faoin tacaíocht thar an teileafón. Is féidir leat aon ghné de do Chlár Campa Samhraidh a phlé leis na héascaitheoirí. Is amhlaidh, áfach, go ndíreofar go

príomha sa tacaíocht ar an teagasc spraíúil agus ar an bhfoghlaim spraíúil atá ar siúl sa champa.

Ról na Cigireachta

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, tabharfaidh an Chigireacht cuairt ar rogha campaí samhraidh agus déanfaidh siad measúnú orthu. Is é cuspóir na gcuairteanna ná scoileanna a dhearbhú, tacú leo agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le feidhmiú an chláir. Déanann cigirí cuairte measúnú ar cháilíocht an tsoláthair i gClár na gCampaí Samhraidh chun tuairisc a thabhairt do Rannóg um Oideachas Múinteoirí (TES) na Roinne ar cháilíocht ionlán an tsoláthair; agus moltaí a dhéanamh don TES agus do scoileanna maidir le conas is féidir na torthaí foghlama agus eispéisíris do dhaltaí a fheabhsú.

Tá ról ag an gCigireacht freisin maidir le comhairle agus tacaíocht a sholáthar d'obair Chlár na gCampaí Samhraidh. Maidir le 2022, déanfaidh cigirí teagmháil freisin le roinnt eagraithe campaí chun am a shocrú a bheidh oiriúnach do chomhrá gutháin faoi obair an champa, chun obair eagraithe an champa a dhearbhú, agus chun comhairle agus tacaíocht a thairiscint freisin. Tabharfaidh na comhráite forléargas don Rannóg um Oideachas Múinteoirí ar obair na gcampaí agus ar thuairimí na múinteoirí faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gclár ar thacú le folláine daltaí agus ar an ath-theagmháil lena gcomhghleacaithe agus leis an scoil arís.

Acmhainní

Ní sholáthraítear teimpléid phleanála, pleannanna ceachtanna ná acmhainní leis an gclár campa samhraidh. Ina ionad sin, soláthraítear treoirlínte chun tacú le múinteoirí leas a bhaint as a bhfuil acu ina scoileanna cheana féin. Ina theannta sin, is iomaí acmhainní agus ábhar tacaíochta dá bhfuil ann ar láithreáin ghréasáin an

NCCA, PDST, NEPS, NCSE agus Scoilnet. Is ag an oíche eolais do mhúinteoirí a sholáthrófar tuilleadh sonraí faoi na náisc ábhartha chuit na láithreáin ghréasáin sin. Tugaimid spreagadh duitse chun leas a bhaint as na náisc sin chun tacú leis an bhfoghlaim spraoibhunaithe i do champasa.